**Sainmhínithe**

## Baile Iomlán agus Ceantair Iomlána Tuaithe

Is ionann daonra sa Cheantar Iomlán Baile agus na daoine a cuireadh san áireamh i gcnuasach daonra de 1,500 nó níos mó cónaitheoirí. Ar mhaithe leis seo déantar baile le teorainn atá leagtha síos sa dlí a rangú ar bhonn a dhaonra iomlán le bruachbhailte agus ceantair mháguaird san áireamh.

Déantar an daonra a cuireadh san áireamh i ngach ceantar taobh amuigh d'aon chnuasach de 1,500 cónaitheoirí nó níos mó a rangú mar chuid den Cheantar Iomlán Tuaithe.

## Líon Príobháideach Tí

Duine amháin ina chónaí ina (h)aonar nó grúpa daoine (ní gá go mbeadh gaol eatarthu) a bhfuil cónaí orthu ag an seoladh céanna le comhsocruithe tí - is é sin, go roinneann siad ar a laghad béile amháin sa lá nó go roinneann siad seomra teaghlaigh nó seomra suí. Ar mhaithe le bheith curtha san áireamh mar chuid den líon tí ní mór go mbeadh cónaí ann ar dhuine ag am an daonáirimh. Mar sin, ní chuirtear cuairteoirí oíche an daonáirimh chuig an líon tí san áireamh, cuirtear daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu ann ach a bhí as láthair ar an oíche go sealadach (níos lú ná 3 mhí) san áireamh.
Líon príobháideach tí atá ina chónaí go buan i dteach, arasán nó seomra suí/leapa é líon príobháideach buan tí.
Líon príobháideach tí atá ina chónaí i gcarbhán, teacht soghluaiste nó áitreabh sealadach eile é Líon sealadach príobháideach tí

## Teaghlach Neamh-Phríobháideach (Áitreabh Comhchoiteann)

Is ionann *teaghlach neamh-phríobháideach* agus grúpa daoine a cuireadh san áireamh i dteach lóistín, óstán, teach ósta, brú, beairic, ospidéal, teach altranais, scoil chónaithe, institiúid chráifeach, institiúid leasa, príosún nó long, &rl. Is féidir le gnáthchónaitheoirí agus/nó cuairteoirí a bheith san áireamh i dteaghlach neamh-phríobháideach. Ach, déantar úinéirí agus bainisteoirí óstáin, príomhóidí scoileanna cónaithe, daoine i gceannas ar institiúidí éagsúla eile agus baill fhoirne a bhfuil cónaí orthu, le go gan chlann, i lóistín faoi leith san áitreabh a rangú mar theaghlaigh phríobháideacha.

### Méid an Teaghlaigh

Is ionann líon na ndaoine i dteaghlach agus an líon iomlán daoine a raibh gnáthchónaí orthu ann oíche Dé Domhnaigh, 23 Aibreán 2006, iad siúd as láthair ón teaghlach ar feadh níos lú ná trí mhí san áireamh. Níl cuairteoirí a bhí i láthair sa teaghlach oíche an daonáirimh san áireamh.

## Aonaid Teaghlaigh

Is ionann aonad teaghlaigh agus:

1. Fear agus bean chéile nó lánúin a chónaíonn in aontíos; nó
2. Fear agus bean chéile nó lánúin a chónaíonn in aontíos le páiste nó páistí nár phós ariamh (d'aon aois) a bhfuil gnáthcónaí orthu ann; nó
3. Tuismitheoir amháin in éineacht le páiste nó páistí nár phós ariamh (d'aon aois) a bhfuil gnáthcónaí orthu ann.

Caithfidh baill teaghlaigh a bheith ina gnáthchónaitheoirí den líon tí chuí.

Tá aonaid teaghlaigh aitheanta bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil ar cheistiuchán an daonáirimh, go háirid sonraí a cuireadh ar fáil maidir leis an ngaol le Duine 1. Go ginearálta, tá dóthain sonraí ann le rangú ceart a dhéanamh ar aonaid teaghlaigh.

Ach, d'fhéadfadh sé go bhfuil líon teoranta cásanna ann ina bhfuil tuismitheoir nach bhfuil pósta le páiste amháin nó níos mó ina c(h)ónaí lena t(h)uismitheoirí agus ní thugann na sonraí a tugadh maidir leis an ngaol le Duine 1 pictiúr cruinn maidir leis na ngaolta tuismitheoirí/páiste. Sna cásanna seo, cuirtear an tuismitheoir nach bhfuil pósta san áireamh in aonad teaghlaigh eile. Mar thoradh ar seo is dóigh go bhfuil líon na n-aonad teaghlaigh aitheanta mar thuismitheoirí neamhphósta le páistí maolaithe ar thuairisc go pointe éigin.